C/2026/3598

13.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3598)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Metliška črnina'

Uimhir thagartha AE: PDO-SI-A1579-AM01 — 17.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Metliška črnina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An tSlóivéin

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Teideal

An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bhia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Maidir leis na leasuithe atá beartaithe (i) ní bhaineann siad le hainm ná le húsáid ná le catagóir an táirge ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, (ii) caomhnaíonn siad an nasc leis an limistéar geografach sa doiciméad aonair, agus (iii) ní áirítear leo srianta breise ar mhargú an táirge, agus sin an fáth a meastar iad a bheith caighdeánach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024. Ós rud é gur tarraingíodh suas an tsonraíocht táirge a foilsíodh ar eAmbrosia ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, a aisghaireadh 11 bhliain ó shin, agus ar bhonn go leor píosaí eile de reachtaíocht an Aontais agus den reachtaíocht náisiúnta nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, cuireadh formáid agus ábhar na sonraíochta in oiriúint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 is infheidhme agus tugadh cothrom le dáta í chun na rialacháin eile is infheidhme a léiriú. Rinneadh athbhreithniú ar ghramadach agus ar stíl an téacs freisin.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Leasú caighdeánach chun an iontráil in eAmbrosia a chur i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta agus chun mioncheartúcháin theicniúla a dhéanamh

Tuairisc

Tá iarratas ar leasú caighdeánach á chur isteach ag an iarratasóir toisc nach bhfuil an tsonraíocht a foilsíodh i gclár ar líne an Choimisiúin Eorpaigh, eAmbrosia, mar an gcéanna leis an tsonraíocht a rialaítear leis na Rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le fíon a bhfuil an t-ainm traidisiúnta aitheanta Metliška črnina air agus fíon a bhfuil an t-ainm traidisiúnta aitheanta Belokranjec air (*Uradni list RS* (UL RS; Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine) Uimh. 112/22, dá ngairtear 'Rialacha' anseo feasta.

Níor leasaigh an t-iarratasóir buntéacs na sonraíochta, seachas chun earráidí stíle agus gramadaí a cheartú. Níor athraigh an t-iarratasóir an téacs ach a mhéid is gá chun na hathruithe a cheanglaítear leis na Rialacha náisiúnta is infheidhme a thabhairt isteach. I dteannta na leasuithe thuasluaite bunaithe ar na Rialacha (meántáirgeadh uasta ceadaithe fíonchaor gach cineáil in aghaidh an heicteáir, an céatadán riachtanach agus ceadaithe de gach cineál, luachanna incheadaithe na bparaiméadar ceimiceach le haghaidh alcól iarbhír agus aigéadacht iomlán), rinne an t-iarratasóir na leasuithe teicniúla seo a leanas ar an tsonraíocht:

— a mhéid a bhaineann leis na cineálacha eile a fhéadfar a chur le Metliška črnina ar bhonn eisceachta, shonraigh an t-iarratasóir go sainráite nach bhféadfar ach na cineálacha fíniúna DEIRGE atá údaraithe sa reachtaíocht náisiúnta le haghaidh limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina a úsáid, toisc go raibh an fhoráil roimhe seo róghinearálta ('cineálacha eile')

— tá an t-iarratasóir tar éis [...] a ghlacadh ar láimh ón reachtaíocht náisiúnta is infheidhme;

— bhain an t-iarratasóir an cleachtas maidir le cobhsaíocht thartarach trí leictrea-scagdhealú agus cóireáil le caitianmhalartóirí de liosta na gcleachtas fíoneolaíoch neamhúdaraithe;

— chuir an t-iarratasóir 'mála sa bhosca' ag a bhfuil toilleadh suas le 5 L isteach mar phacáistíocht cheadaithe le haghaidh cóirithe;

— bhain an t-iarratasóir an toirmeasc ar an táirge a chur ar an margadh roimh an 30 Samhain den bhliain táirgthe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Metliška črnina'

Uimhir thagartha AE: PDO-SI-A1579-AM01 — 17.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Metliška črnina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

An tSlóivéin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíon dearg socair, dath idir dearg dian agus dath an rúibín air.

Dea-bholadh

Dea-bholadh príomhúil de chineálacha dearga sa chéad bhliain tar éis na buana, arna fhorlíonadh ina dhiaidh sin le gnáth-dhea-bholaithe aibí an chomhdhéanaimh cineáil.

Blas

Dea-bholadh príomhúil de chineálacha dearga sa chéad bhliain tar éis na buana, arna fhorlíonadh ina dhiaidh sin le gnáth-dhea-bholaithe aibí an chomhdhéanaimh cineáil. Neart tainneach meánach, rud a thugann seirbhe dheas don fhíon.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Tá an comhdhéanamh cineáil seo a leanas ag Metliška črnina bunaithe ar na dearbhuithe le haghaidh cineálacha aonair i gcomhréir leis an rialachán lena rialaítear dearbhuithe buana fíonchaor:

— suas le 60 % Modra Frankinja N;

— 20% go 40 % Zametovka N;

— Idir 5 % agus 20 % de gach cineál eile le chéile (Portugalka N, Šentlovrenka N, Gamay N, Modri Pinot N, Zweigelt N).

Gan beann ar an mír roimhe seo, féadfar Metliška črnina a tháirgeadh freisin ó fhíonchaora de chineálacha fíniúna deirge eile a ainmnítear, sa raon cineálacha fíniúna Phoblacht na Slóivéine a bhfuil feidhm aige aon tráth ar leith, mar chineálacha údaraithe agus molta le haghaidh limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina. Féadfar fíonchaora de na cineálacha sin a úsáid sa chion a léirítear le haghaidh gach cineál eile sa tríú heang den mhír roimhe seo.

Gan beann ar fhoráil an dara mír den phointe sin, ní fhéadfaidh an cion cineálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena n-áirítear fíonchaora nár dearbhaíodh ar leithligh de réir cineál aonair, in Metliška črnina a bheith níos mó ná 10 %.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	12.5
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10.5
Aigéadacht iomlán íosta:	4.5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13.3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	130

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is iad seo a leanas na hanailísí ceimiceacha a úsáidtear chun airíonna saintréitheacha Metliška črnina a thomhas, agus an cion is gá dá chomhpháirteanna:

— alcól iarbhír: idir 10,5 % de réir toirte agus 12,5 % de réir toirte;

— iomlán na siúcraí (arna sloinneadh i dtéarmaí fruchtóis agus glúcóis): nach mó ná 3,0 g in aghaidh an lítir;

— eastóscán saor ó shiúcra: 20 g/l ar a laghad;

— luaith: 1,6 g/l ar a laghad;

— aigéadacht iomlán (arna sloinneadh mar aigéad tartarach): idir 4,5 g/l agus 7,0 g/l;

— aigéadacht sho-ghalaithe (arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach): nach mó ná 0,8 g in aghaidh an lítir; agus

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Is mar a leanas atá an t-íosmhéid siúcra, arna ríomh mar mheánmhéid siúcra na bhfíonchaor as a ndéantar Metliška črnina, i gcás na gcineálacha fíniúna lena mbaineann:

— Modra Frankinja N agus Zweigelt N: 169,3 g/l;

— Modri Pinot N agus Šentlovrenka N: 163,7 g/l;

— Portugalka N agus Gamay N: 158,1 g/l; agus

— Zametovka N: 142,6 g/l.

— meánalcól nádúrtha de gach cineál: íosmhéid 9,0 % de réir toirte

Cleachtas fíoneolaíoch

Maothú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Nuair a tháirgtear Metliška črnina, baintear na gais de na fíonchaora ar dtús agus ansin maothaítear iad.

Le linn an mhaothaithe, ní mór don chuid sholadach den mhaistreán fanacht i dteagmháil leis an úrfhíon fíonchaor i gcónaí.

Cleachtas fíoneolaíoch

Toirmisc ar dhéanamh an fhíona

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Ní cheadaítear an méid seo a leanas i dtáirgeadh Metliška črnina:

— coipeadh alcólach a bhriseadh;

— milsiú fíonta; agus

— Sorbáit photaisiam a chur isteach.

Cleachtas fíoneolaíoch

Saibhriú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

I mblianta ina bhfuil na dálaí aimsire chun na fíonchaora a aibiú neamhfhabhrach agus ina dteipeann ar na fíonchaora aibiú, féadfar an t-úrfhíon chun Metliška a tháirgeadh a shaibhriú le huasmhéid 2 % alcóil de réir toirte.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Cineálacha measctha Zametovka N, Portugalka N, Gamay N

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Modra Frankinja N, Šentlovrenka N, Modri Pinot N, Zweigelt N

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Gamay N

— Merlot

— Modra Frankinja N - Frankinja

— Modri Pinot N

— Portugalka N

— Rdeca Zlahtnina Rs

— Scheurebe

— Zweigelt N

— Šentlovrenka N

— Zametovka N

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear Metliška črnina féin agus na fíonchaora as a ndéantar é go heisiach i gcríoch limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina.

Téann teorainn limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina ón teorainn náisiúnta leis an gCróit i gcnoic Gorjanci feadh an chomhriain 500 m os cionn lonnaíochtaí Ravnace, Drage agus Dole, sula dtrasnaíonn sí bóthar Novo Mesto-Metlika faoi bhun lonnaíocht Mačkovec pri Suhorju agus feadh an chomhriain 500 m thar lonnaíochtaí Maline pri Štrekljevcu, Osojnik agus Sv. Lovrenc pri Semiču chomh fada le cnoc Semenič, agus ina dhiaidh sin téann sé síos go dtí an bóthar a théann chuig lonnaíocht Gaber pri Semiču, sula dtéann sé feadh fhána Kočke Rebri os cionn lonnaíocht Kot pri Semiču, trasnaíonn sé go dtí an comhrian 400 m agus téann sé feadh an bhóthair sin chomh fada le teorainn thuaidh bhardas cadastrach Talčji Vrh, trasnaíonn sé feadh na teorann sin timpeall shliabh Vinska, trasnaíonn sé go dtí an comhrian 400 m agus téann sé feadh an chomhriain sin os cionn lonnaíochtaí Rožič Vrh, Stražnji Vrh agus Mavrlen chomh fada le bóthar Bistrica-Dobliče, ansin feadh an bhóthair sin chomh fada le lonnaíocht Grič pri Dobličah, ansin feadh an chomhriain 350 m chomh fada le Sv. Séipéal Ana, ansin feadh an Sv. Ana - Tanča Gora - Kvasica - Dragovanja Vas - Anjeli - Dobliče - Jelševnik - Tušev Dol - Talčji Vrh - bóthar Otovec, feadh líne iarnróid Črnomelj-Semič go bóthar Rožanec-Mihelja Vas, ansin feadh an bhóthair sin chomh fada le bóthar Črnomelj-Semič, ansin feadh an bhóthair sin go teorainn theas bhardas cadastrach Kot, feadh theorainn thoir bhardas cadastrach Kot chomh fada le teorainn theas bhardas cadastrach Semič, ansin ag dul timpeall lonnaíocht Vavpča Vas, ag dul feadh an bhóthair i dtreo cheantar Semič, ansin feadh bhóthar Semič-Vrtača pri Semiču, feadh na conaire thíos faoi shráidbhaile Oskoršnica, feadh an bhóthair chuig Črešnjevec pri Semiču, feadh bhóthar Črešnjevec pri Semiču-Krvavčji Vrh-Metlika, lena gcuimsítear Krvavčji Vrh agus fíonlann KZ Metlika, ag leanúint an bhóthair i dtreo lonnaíocht Drašiči, ag imeacht i dtreo eile roimh an lonnaíocht feadh an chomhriain 220 m soir ó dheas, lena gcuimsítear lonnaíocht Drašiči, ag leanúint an bhóthair chuig lonnaíocht Krmačina, agus an lonnaíocht sin san áireamh, feadh an bhóthair chomh fada leis an teorainn náisiúnta leis an gCróit agus ag leanúint na teorann sin.

Áirítear na limistéir seo a leanas i limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina freisin:

— Vinji Vrh pri Semiču, a chuimsíonn an limistéar timpeall Sv. Séipéal Trojica atá suite os cionn an bhóthair;

— Velika Plešivica, a leanann a theorainn an comhrian 240 m ó thuaidh den chonair a théann faoi chnoc Velika Plešivica ó lonnaíocht Dolenjci go lonnaíocht Pribinci, feadh an chomhriain 240 m i dtreo an tuaiscirt, sula gcasann sí soir ó dheas, agus a théann faoin séipéal ar imeall na foraoise agus a fhilleann ar chonair Dolenjci-Pribinci;

— Preložnik, a dtéann a theorainn timpeall chnoc Preložnik feadh an chomhriain 260 m agus, ó dheas, a théann feadh chonair Purga-Velika Sela;

— Mala Plešivica, a dtéann a theorainn ó chraobh na conaire ó lonnaíocht Gorenjci pri Adlešičih as a dtagann lonnaíocht Mala Sela siar agus ó thuaidh feadh an chomhriain 250 m sula gcasann sí go dtí an t-oirdheisceart agus fánaí theas chnoc Mala Plešivica san áireamh;

— Preloka, a théann a theorainn ó bhóthar Vinica-Adlešiči faoi mhullach Krtinjek feadh chomhrian 230 m i dtreo an oirthir agus an tuaiscirt, ag dul timpeall lonnaíocht Preloka agus ag casadh i dtreo an iarthair thar mhullach Krtinjek go bóthar Vinica-Adlešiči;

— Perudina-Žeželj, a théann a theorainn ó shráidbhaile Golek feadh an chomhriain 230 m siar ó thuaidh feadh bhóthar Vinica-Perudina go lonnaíocht Perudina, agus ina dhiaidh sin casann sí ó thuaidh chomh fada leis an bhforaois sula théann sí soir ó dheas faoi mhullach Žeželj chomh fada le sráidbhaile Podklanec, ansin ag casadh ó dheas agus ag dul feadh an chomhriain 230 m chomh fada le sráidbhaile Golek;

— Radenci, a théann a theorainn ó bhóthar Stari Trg-Vinica feadh an bhóthair go dtí lonnaíocht Gornji Radenci, siar, agus feadh na conaire os cionn na lonnaíochtaí i dtreo ó thuaidh agus soir chomh fada le bóthar Stari Trg-Vinica;

— Stari Trg, a dtéann a theorainn ó lonnaíocht Sodevci soir agus ó thuaidh, agus an lonnaíocht á cuimsiú agus soir ó thuaidh faoi bhun lonnaíocht Stari Trg, gabhann sí timpeall lonnaíocht Kot, téann sí isteach i mbóthar Stari Trg-Kot agus ritheann sí feadh an bhóthair sin chomh fada le lonnaíocht Kot agus soir ó dheas chomh fada le lonnaíocht Sodevci.

Tá limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina roinnte ina thrí fholimistéar fíonsaothrúcháin, mar a leanas:

— folimistéar fíonsaothrúcháin Metlika,

— folimistéar fíonsaothrúcháin Črnomelj,

— folimistéar fíonsaothrúcháin Semič.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Tuairisc ar an nasc

I dtéarmaí geolaíocha, is carst íseal í críoch Bela Krajina, a bhfuil teorainn aici san oirthear le habhainn Kolpa, le cnoic Gorjanci sa tuaisceart agus le hardchlár Roška sa iarthar agus sa deisceart. Tá na fíonghoirt suite go príomha ar imill theas chnoic Gorjanci, leanann siad ar aghaidh i leathchiorcal i dtreo Semič agus ansin feadh imill thoir ardchlár Roška i dtreo Maverlen agus Dobliče. Tá roinnt limistéar fíonghoirt feidhmiúil réasúnta beag ar imill ghrianmhara Velika agus Mala Plešivica, gar do Adlešiči agus in Perudina (Žeželj), Preloka agus Vinji Vrh pri Semiču.

Tá geolaíocht agus moirfeolaíocht imill imchuach Bela Krajina, áit a bhfuil na fíonghoirt suite, sách sainiúil. Léirítear an éagsúlacht leathan fánaí agus nochta in éagsúlacht mhór na ndálaí miocraeráide. Baineann na fíonghoirt a bpointe is ísle amach gar do bhun imchuach Bela Krajina ag thart ar 210 m os cionn leibhéal na farraige, agus an pointe is airde ag thart ar 390 m os cionn leibhéal na farraige. Ós rud é gur críoch charstach í seo, is annamh a bhíonn bloic aolchloiche aonair i lár fíonghort.

Tá carst íseal Bela Krajina comhdhéanta d'aolchlocha Cailceacha, atá clúdaithe in áiteanna le ciseal tiubh dúrabháin Phléisticéinigh, ach tá imill imchuach Bela Krajina, ina bhfuil an chuid is mó de na fíonghoirt lonnaithe, comhdhéanta d'aolchloch Iúrasach agus dolaimítí. Is ar an imeall is faide soir amháin, faoi chnoic Gorjanci ar an teorainn idir an tSlóivéin agus an Chróit, atá marlaí Treasacha le fáil in áiteanna áirithe. Tá tionchar mór ag báisteach, dálaí teochta, tréimhsí gréine agus tosca aeráide eile ar fhás agus ar thorthúlacht na bhfíniúnacha. Is minic a bhíonn saintréithe méisea-aeráide an-éagsúil ag na fíonghoirt mar gheall ar chineál an-éagsúil na rilífe (arb é droim Gorjanci is mó atá i gceist léi, thar aon ní eile), nochtadh, airde agus fánaí an tír-raoin, na bhforaoisí, etc. Tá an mheánteocht éifeachtach charntha le linn an tséasúir fáis i limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina idir 1 245,7 °C (Dobliče) agus 1 329,0 °C (Metlika), agus is é 1 287,4 °C an mheánteocht. Meastar go bhfuil an teocht éifeachtach charntha i suíomhanna fíonsaothrúcháin nochta 15-20 % níos airde (idir 1 480 °C agus 1 545 °C), agus go dtiteann thart ar 750 mm báistí ar an meán – nó 64 % den fhrasaíocht bhliantúil iomlán – le linn an tséasúir fáis.

Léirítear an éagsúlacht gheolaíoch agus aeráide sin uile i limistéar fíonsaothrúcháin Bela Krajina in éagsúlacht mhór na gcineálacha a fhástar, a bhfuil úire agus inóltacht shainiúil ag baint leo uile. Táirgeann an meascán ceart de chineálacha agus a saintréithe gnáthfhíon Metliška črnina.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Córais treoraithe

Creat dlíthiúil

Ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

-

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní fhéadfar ach modh saothraithe guyot agus athraithigh de a úsáid chun na cineálacha fíniúna as a ndéantar Metliška črnina a shaothrú.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

An líon fíniúnacha in aghaidh an heicteáir

Creat dlíthiúil

Ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

-

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Chun Metliška črnina a tháirgeadh, ní mór an líon fíniúnacha in aghaidh an aonaid de ghlanlimistéar fíonghoirt a bheith níos mó ná 4 000 in aghaidh an heicteáir, arna ríomh ar bhonn scaradh plandaí arna gcinneadh i gcomhréir leis na Rialacha lena rialaítear Clár na nGabháltas Talún.

D'ainneoin na míre roimhe seo, ar limistéir léibheannaithe ina bhfuil an fhána níos mó ná 20 %, ní mór an líon fíniúnacha a bheith níos mó ná 3 100 in aghaidh an heicteáir.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Measúnú orgánaileipteach

Creat dlíthiúil

Ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór do Metliška črnina 16,5 pointe ar a laghad a fháil sa mheasúnú orgánaileipteach. Sula ndéanann blasóirí fíona measúnú orgánaileipteach, ní mór iad a chur ar an eolas go bhfuil measúnú á dhéanamh acu ar fhíon a chomhlíonann, ar bhonn na sonraí i gclár na dtáirgeoirí fíonchaor agus fíona agus ar bhonn thorthaí na hanailíse ceimicí, na coinníollacha ar a dtabharfar Metliška črnina má éiríonn leis sa mheasúnú orgánaileipteach.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

An fíon a chóiriú agus a chur ar an margadh

Creat dlíthiúil

Ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní fhéadfar ach Metliška črnina ina phacáistíocht bhunaidh a chur ar an margadh.

Déantar Metliška črnina a chóiriú i mbuidéil de thoilleadh suas le 1,5 l, i bpacáistíocht mála i mbosca ag a bhfuil toilleadh suas le 5 l nó i gcoimeádáin níos mó. D'fhéadfadh toilleadh suas le 50 lítear a bheith ag na coimeádáin níos mó (bairillí cruach dosmálta) a úsáidtear le haghaidh cóirithe. Leis an bpacáistíocht sin, ní mór a bheith in ann an fíon a eastóscadh trí bhíthin dáileora agus brú méadaithe nó caidéil iomchuí á úsáid chun ocsaídiú an fhíona a chosc.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Ainmniú an fho-limistéir fíonsaothrúcháin agus an fhíonghoirt

Creat dlíthiúil

Ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ceann amháin nó an dá cheann de na tásca seo a leanas a chur le Metliška črnina ar bronnadh 17,5 pointe ar a laghad air sa mheasúnú orgánaileipteach, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún (IO L 269, 23.10.2019, lch. 13, arna leasú) agus leis na rialacha lena rialaítear liosta na dtásc geografach le haghaidh fíona:

— tásc geografach an fholimistéir fíonsaothrúcháin inar fásadh na fíonchaora;

— tásc geografach an fhíonghoirt inar fásadh na fíonchaora.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.gov.si/novice/2026-03-31-ministrstvo-je-potrdilo-spremembo-specifikacije-za-vino-metliska-crnina-in-belokranjec/